2026/1812

20.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1812 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2026

lena leasaítear den 358ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1), pointe (a), agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 8 Iúil 2026, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) iontráil amháin i liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha maidir leo a leasú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin

An tArd-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj.

IARSCRÍBHINN

Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na hiontrála seo a leanas faoin gceannteideal ‘Daoine nádúrtha’ in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

‘Hamidah Nabagala (an bunchló: حميدة ناباجالا) (ainm bréige lag: (a) Nabaggala, (b) Nabaggaka, (c) Hamida, (d) Hamidah). Dáta breithe: 9.3.1996. Áit bhreithe: Uganda. Náisiúntacht: Uganda. Pasuimhir: A00044599 (uimhir Ugandach, rachaidh in éag an 19.3.2029). Seoladh: Poblacht Dhaonlathach an Chongó. Faisnéis eile: (a) Oibríonn sí mar idirghabhálaí i gcainéil mhaoiniúcháin le haghaidh SIIL san Afraic Láir, tá sí cúisithe i mbuamáil a mhaoiniú a tharla i bpríomhchathair Uganda, Kampala, in 2021, rinne sí iarracht a triúr leanaí a chomhéigniú in Uganda chun iad a chur chuig campaí SIIL i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, (b) Inscne: Baineann. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 30.3.2026.’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Hamida Nabaggala (an bunchló: حميدة ناباجالا) (ainm bréige lag: (a) Nabaggala, (b) Nabaggaka, (c) Hamida, (d) Hamidah). Dáta breithe: 23.2.1989. Áit bhreithe: Uganda. Náisiúntacht: Uganda. Uimhir aitheantais náisiúnta: CF89095102DDAE (a chuaigh in éag an 27.3.2025) Seoladh: Poblacht Dhaonlathach an Chongó. Faisnéis eile: (a) Oibríonn sí mar idirghabhálaí i gcainéil mhaoiniúcháin le haghaidh SIIL san Afraic Láir, tá sí cúisithe i mbuamáil a mhaoiniú a tharla i bpríomhchathair Uganda, Kampala, in 2021, rinne sí iarracht a triúr leanaí a chomhéigniú in Uganda chun iad a chur chuig campaí SIIL i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, (b) Inscne: Baineann. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 30.3.2026.’